# Grafaic

Nuachtlitir JCt4 – Fómhar 2020 – Eagrán 6

## An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Tá an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí ann chun spreagadh, tacaíocht agus cumhacht a thabhairt do mhúinteoirí agus Oideachas na Sraithe Sóisearaí in Éirinn á athrú ó bhonn.


## Ceardlanna DRC

Tá foireann Ghrafaice JCt4 ag athchumrú faoi láthair na gceardlann ar Dhearadh Ríomhchuidithe (DRC) a bhí le bheith ann i mí an Mhárta agus i mí Aibreáin 2020, agus é ar intinn againn na ceardlanna seo a éascú beo ar líne mar cheardlanna roghnacha.

Fan cláraithe lenár liosta seoltaí agus bí ag breathnú an fhotha Twitter le haghaidh tuilleadh eolais. Beimid ag coimeád múinteoirí ar an eolas faoi dhátaí agus conas clárú do na seisiúin roghnacha seo ar líne in am trátha.


## Pleanálaí Digiteach Excel

Ó tharla an-tóir a bheith ag múinteoirí ar an bpleanálaí digiteach agus mar fhreagra ar a gcuid aiseolais, d'fhorbair JCt4 pleanálaí digiteach eile ag baint úsáid as Microsoft Excel. Tá an pleanálaí seo ar fáil ar www.jct.ie sa rannóg phleanála, nó ina áit sin is féidir cliceáil anseo chun íoslódáil nó cliceáil ar an ngrafaic thíos. Chun an tairbhe is fearr a bhaint as an acmhainn phleanála seo, moltar an leathanach faisnéise a théann léi a léamh agus féachaint ar an bhfísghabháil scáileáin a théann léi sula dtabharfaidh tú faoi Phleanálaí Digiteach Excel.




## Fáilte ar Ais agus Tacaíochtaí

Fáilte chuig Nuachtlitir Ghrafaice JCt4 Fómhar 2020. Ba mhaith linn am maith a ghuí ar gach múinteoir Grafaice sa bhliain acadúil reatha. Tá liosta cuimsitheach de dhoiciméid tacaíochta agus treorach eisithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus is féidir breathnú orthu anseo. Beidh spéis ar leith ag múinteoirí Grafaice sa doiciméad 'Treoir don Fhilleadh ar an Scoil d'Ábhair Phraiticiúla in Iar-Bhunscoileanna agus i Lárionaid Oideachais' agus tá sé ar fáil anseo. *(Déanfar an nasc seo a íoslódáil go huathoibríoch nuair a chliceáiltear é)*




Tar éis don doiciméad 'Treoir don Fhilleadh ar an Scoil d'Ábhair Phraiticiúla in Iar-Bhunscoileanna agus i Lárionaid Oideachais' teacht amach d'fhorbair foireann JCt4 grafaicí faisnéise do sheomraí ranga praiticiúla chun cabhrú leis an bhfilleadh sábháilte ar an bhfoghlaim. Tá na grafaicí faisnéise seo ar fáil in dhá fhormáid agus is féidir iad a fháil sa rannóg acmhainní de shuíomh gréasáin an SSM trí chliceáil anseo. De rogha air sin, is féidir na hacmhainní seo a íoslódáil trí chliceáil ar na híomhánna thuas. Tá an acmhainn le fáil in dhá fhormáid, an chéad cheann mar ghrafaic faisnéise agus an dara ceann i bhfoirm cártaí tagartha.




## Acmhainn don Seomra Ranga le Scaradh Fisiciúil

Chun cabhrú le múinteoirí agus iad ag filleadh ar an seomra ranga tar éis a bheith ag plé leis an bhfoghlaim ón mbaile, d'fhorbair foireann Ghrafaice JCt4 acmhainn a d'fhéadfadh a bheith ina cabhair chun na pointí foghlama tosaigh a aithint. Tógann an doiciméad ar Phríomhscileanna na Sraithe Sóisearaí - Mé Féin a Bhainistiú, Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú agus Fanacht Folláin. Áirítear sa doiciméad seo gníomhaíochtaí féideartha do scoláirí Grafaice sa chéad bhliain agus sa dara bliain a d'fhéadfaí a úsáid chun torthaí foghlama a thabhairt chun beatha sa seomra ranga Grafaice ar bhealach comhtháite. Is féidir an acmhainn a fháil trí chliceáil anseo nó trí chliceáil ar an íomhá thuas.



## Seimineár Gréasáin Grafaice

Cumarsáid a dhéanamh trí sceitseáil

Chun tacú le múinteoirí atá i mbun pleanála do Mheasúnú Rangbhunaithe 1, d'óstáil foireann Ghrafaice JCt4 seimineár gréasáin Dé Céadaoin 7 Deireadh Fómhair ag 7pm. Mar chuid den seimineár gréasáin tugadh sonraí ar na ceithre lionsa do MRB 1 chomh maith le moltaí do phleanáil roinne agus múinteora mar ullmhúchán don Mheasúnú Rangbhunaithe. Chun féachaint ar thaifeadadh den seimineár gréasáin agus ar na hacmhainní gaolmhara cliceáil anseo. Nó ar an íomhá thíos.




Go raibh maith agat leis na múinteoirí a d'fhreastail ar an seimineár gréasáin an oíche sin agus do na moltaí cabhracha a fuarthas.

Beidh an chéad imeacht eile againn ar an 4 Samhain nuair a thaispeánfar rannpháirtíocht leis an acmhainn "***Mo Thuras Geoiméadrachta***". Chun clárú don imeacht idirghníomhach Súmála seo, cliceáil anseo.

## Cainéal Podchraoltaí SSM

"Hands On"

Tá áthas ar JCt4 i gcomhpháirtíocht leis na hEalaíona sa tSraith Shóisearach ár seinnliosta Podchraolta 'Hands On' a sheoladh. Chun éisteacht leis an gcéad phodchraoladh ar ár seinnliosta, cliceáil ar an íomhá thíos. Beidh go leor comhráite suimiúla le fáil ar ár seinnliosta ina gcuirfidh daoine síos ar a gcuid inspioráide agus cruthaitheachta.




Tá podchraoltaí ar fáil chun éisteacht leo ar SoundCloud nó ar aon soláthraí podchraolta.

# Taifeadtaí FGL na Grafaice 2019-2020

Is féidir le múinteoirí Grafaice nach bhfuair an deis freastal ar FGL na Grafaice 2019-2020 teacht ar leagan taifeadta de na ceardlanna seo anois. De ghnáth, bheadh deis ag múinteoirí freastal ar athsheisiún den cheardlann FGL go luath sa bhliain acadúil, ach mar gheall ar na srianta reatha ní féidir linn é sin a dhéanamh. Tá na físeáin seo á n-óstáil i rannóg na Grafaice de www.jct.ie faoi thacaí FGL. Sna ceithre thaifeadadh is féidir a bheith páirteach ar bhonn idirghníomhach le ceardlann FGL na Grafaice 2019-2020. Chomh maith leis an gcur i láthair féin agus na taifeadtaí a théann leis, gheobhaidh tú acmhainní a úsáidtear sa cheardlann freisin. Cliceáil anseo nó ar an íomhá thuas chun na taifeadtaí a fheiceáil..



# Measúnú Rangbhunaithe (MRB)

D'fhoilsigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) an amlíne do MRB 1 le déanaí. Tá na dátaí tábhachtacha a bhaineann le MRB 1 – Cumarsáid trí sceitseáil, tá siad leagtha amach ar leathanach a trí den doiciméad a bhfuil teacht air trí chliceáil anseo. Tá na príomhdhátaí leagtha amach sa tábla thíos.

| MRB 1- Cumarsáid a dhéanamh trí sceitseáil | |
|---|---|
| Tréimhse ina bhfuil sé le cur i gcrích | Dé Céadaoin, 6 Eanáir – Dé hAoine, 14 Bealtaine 2021 |
| An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha | Dé Céadaoin, 19 Bealtaine 2021 |
| An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh | Dé Céadaoin, 26 Bealtaine 2021 |

# Deiseanna foghlama

Táimid i gcónaí ag faire amach do láithreáin ghréasáin agus do na teicneolaíochtaí is déanaí a bheadh ina ndíol spéise ag scoláirí atá ag déanamh staidéir ar an nGrafaic. D'fhéadfadh na naisc thíos scoláirí a spreagadh i gceann roinnt gníomhaíochtaí suimiúla maidir leis na torthaí foghlama seo a leanas:

***2.2*** *faisnéis ghrafach a* ***anailísiú*** *chun réiteach 3T a phleanáil*
***3.7*** *grafaic ríomhchuidithe* ***a úsáid*** *chun réitigh dearaidh a chur in iúl go héifeachtach*
***3.3*** *a thuiscint spásúil* ***a thaispeáint*** *le samhaltú agus/nó lonsamhlú*
***3.5*** *a shaothar féin agus saothar daoine eile a anailísiú agus* ***a mheas***
***1.4 léirthuiscint*** *a bheith aige do ról na grafaice 2T i réitigh a chruthú*

https://www.youtube.com/watch?v=mPsl3fzfNk4
https://www.youtube.com/watch?v=mcwIMsh_g3o
https://www.youtube.com/watch?v=EPwOgh-M_ok

Le dea-mhéin,

Foireann Ghrafaice JCt4